**RABHADH**

**Ní mór duit an páipéar seo a chur ar ais le do fhreagarleabhar.**

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2008

# STAIR – ARDLEIBHÉAL

**(180 MARC)**

**DÉ CÉADAOIN, 11 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 2.00 – 4.30**

**STAMPA AN IONAID**

**SCRÚDUIMHIR AN IARRTHÓRA**

**FREAGAIR GACH CEIST: 1, 2, 3, 4, 5 AGUS 6.**
**FREAGAIR 1, 2 AGUS 3 SNA SPÁSANNA AR AN SCRÚDPHÁIPÉAR**
**FREAGAIR 4, 5 AGUS 6 I DO FHREAGARLEABHAR**

**CUIR AN PÁIPÉAR SEO ISTEACH LE DO FHREAGARLEABHAR, LE DO THOIL**



[Thall

## 1. PICTIÚIR
(15 mharc)

Déan staidéar ar na pictiúir – **A1, A2, B** agus **C** – a ghabhann leis an bpáipéar seo agus ansin freagair na ceisteanna seo a leanas:

*(a)* **PICTIÚR A**

*Sna pictiúir A1 agus A2 taispeántar earraí óir as bailiúchán Bhrú Íochtair (Broighter).*

(i) Cén téarma a mbaineann seandálaithe úsáid as chun cur síos a dhéanamh ar earraí a rinne daoine san am atá thart?

…………………………………………………………………………………………...(1)

(ii) Cad is féidir leis an staidéar ar na hearraí a thaispeántar in **A1** agus **A2** a insint dúinn faoin gcine Ceilteach a rinne iad?

..……………………………………………………………………………………………..

..…………………………………………………………………………………………….(2)

(iii) Mínigh cad is brí leis an téarma *seandálaíocht tarrthála.*

…………………………………………………………………..............................................

…………………………………………………………………………………………...(2)

(*b)* **PICTIÚR B**

*Is é atá i bpictiúr B ná tuairim ealaíontóra de Chúirt an Phrionsa Anraí an Loingseoir.*

(i) As pictiúr B, ainmnigh áis **amháin** a chuidigh leis an loingseoireacht agus a d'fhág ar chumas na mairnéalach turais fionnachtana a dhéanamh sa 15ú agus 16ú haois.

………………………………………………………………………………………….. (1)

(ii) Cén t-ainm a thugtar ar an gcineál báid marcáilte **X**?

..……………………………………………………………………………………………..

..…………………………………………………………………………………………….(2)

(iii) Luaigh **dhá** ghné den bhád seo, a rinne níos tapúla agus níos láidre é ná longa seoil eile ag an am sin.

..……………………………………………………………………………………………..

..……………………………………………………………………………………………

………………………………………………………………………………………….. (2)

*(c)* **PICTIÚR C**

*I bpictiúr C taispeántar grianghraf a tógadh i mBaile Átha Cliath i 1959.*

(i) Ainmnigh an cineál iompair marcáilte **Y**.

……………………………………………………………………………………………...(1)

(ii) Cén fáth ar tháinig an gluaisteán chun bheith ar cheann de na cineálacha iompair is coitianta i rith na 20ú haoise? Tabhair **dhá** chúis.

………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………….. (2)

(iii) Seachas an gluaisteán, luaigh **dhá** mhórfhorbairt san iompar in Éirinn ó 1960 anall.

…………………..……………………………………………………………………….

…………………………………………………………………………………………….

…………………………………………………………………………………………….. (2)

## 2. DOICIMÉID
(15 mharc)

Léigh an dá dhoiciméad, **1** agus **2**, a ghabhann leis an bpáipéar seo agus ansin freagair na ceisteanna seo a leanas:

*(a)* **DOICIMÉAD 1**

*Sliocht as 'Saol Leonardo da Vinci' le Giorgio Vasari, 1550.*

(i) Cén gearán a rinne an Prióir leis an Diúc?

…………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………….. (1)

(ii) Cén míniú a thug Leonardo don Diúc leis an dul chun cinn mall aige a mhíniú?

……………………………………………………………………………………………….

……………………………………………………………………………………………….. (2)

(iii) Cén dá chloigeann nach raibh críochnaithe fós ag Leonardo?

……………………………………………………………………………………………….. (2)

(iv) Ón staidéar atá déanta agat ar an Renaissance, cén fáth a raibh ceannaithe saibhre, rialtóirí agus Pápaí toilteanach urraíocht a dhéanamh ar ealaíontóirí? Tabhair **dhá** chúis.

…………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………….. (2)

*(b)* **DOICIMÉAD 2**

*Sliocht as an gcuntas oifigiúil ar an gCúirt Airm a cuireadh ar an gCuntaois Markievicz, 4 Bealtaine 1916.*

(i) As fianaise Walter McKay, luaigh gníomh **amháin** a rinne reibiliúnaithe Shinn Féin ar Luan Cásca, 24 Aibreán.

…………………………………………………………………………………………………

……………………………………………………………………………………………...(2)

(ii) Tabhair píosa **amháin** fianaise as cuntas Walter McKay a thugann le fios gur cheannaire reibiliúnach í an Chuntaois Markievicz.

…………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………….. (2)

(iii) De réir an Chaptaein Henry de Courcy Wheeler, cár ghéill na reibiliúnaithe?

…………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………….. (2)

(iv) Ainmnigh an Ceannasaí Briotanach a ghlac leis an ngéilleadh gan chomha (coinníoll) a rinne na reibiliúnaithe.

…………………………………………………………………………………………….. (2)

**3. CEISTEANNA GEARRFHREAGRAÍ**
(20 marc)

Freagair **DEICH** gcinn de na ceisteanna seo a leanas. Is fiú dhá mharc an ceann iad.

(i) Mínigh ceann **amháin** de na téarmaí seo a leanas a úsáideann staraithe:

*Claonadh;* *Foinse phríomha;* *Cartlann.*

…………………………………………………………………………………………………

………..…...……………………………………………………………………………...(2)

(ii) In Éirinn Neoiliteach, cad a bhí i gceist le *carn cúirte*?

………………………………………………………………………………………….. (2)

(iii) Cén úsáid a bhaintí as *cloch bhró* sa ré Cheilteach in Éirinn?

…………………………………………………………………………………………………

………………………………………………………………………………………….. (2)

(iv) Ainmnigh mainistir luath-Éireannach **amháin** agus manach **amháin** a raibh baint aige leis an mainistir sin.

…………………………………………………………………………………………………

………………………………………………………………………………………….. (2)

(v) Mínigh ceann **amháin** de na téarmaí seo a leanas ó na Meánaoiseanna:

*Cairt;* *Cuirfiú;* *Piolóid.*

…………………………………………………………………………………………………

………………………………………………………………………………………….. (2)

(vi) Ainmnigh **dhá** chéim sa traenáil a cuireadh ar cheardaí meánaoiseach.

………………………………………………………………………………………….. (2)

(vii) Ainmnigh **dhá** ghné d'ailtireacht an Renaissance.

………………………………………………………………………………………….. (2)

(viii) Luaigh ainm scríbhneora **amháin** ón Renaissance agus saothar **amháin** leis an scríbhneoir sin.

**Scríbhneoir**:…………………………………………………………………………………

**Saothar**:……………………………………………………………………………………. (2)

(ix) I rith Ré na Taiscéalaíochta, cérbh iad na *Conquistadores*?

…………………………………………………………………………………………………

………………………………………………………………………………………….. (2)

(x) Luaigh **dhá** shlí ina ndearna an Eaglais Chaitliceach iarracht cosc a chur le forleathadh na reiligiún Protastúnach i rith na 16ú haoise.

…………………………………………………………………………………………………

………………………………………………………………………………………….. (2)

(xi) Tabhair **dhá** iarmhairt a bhí ar an nGorta Mór in Éirinn sna 1840-idí.

…………………………………………………………………………………………………….

…………………………………………………………………………………………….. (2)

(xii) I rith Chogadh na Saoirse, cad a bhí sna *Colúin Reatha?*

………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………….. (2)

(xiii) Cad a bhí i gceist le Scéim na Sionainne, 1927?

………..……………………………………………………………………………………..

…………………………………………………………………………………………….. (2)

(xiv) Tabhair **dhá** théarma as an gComhaontú Angla-Éireannach, 1938.

………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………….. (2)

(xv) Luaigh **dhá** ghníomh fhónta a rinne an Chéad Rialtas Idirpháirtíoch, 1948-1951.

……………………………………………………………………………………………..

…………………………………………………………………………………………….. (2)

(xvi) Luaigh **dhá** ghníomh a rinne Hitler chun go ndéanfaí deachtóir ar an nGearmáin Naitsíoch de.

………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………….. (2)

(xvii) Cad a bhí i *Líne Maginot*?

………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………….. (2)

(xviii) Ainmnigh **dhá** thír a ndearna an Ghearmáin ionradh orthu in Aibreán 1940.

…………………………………………………………………………………………….. (2)

(xix) Mínigh ceann **amháin** de na téarmaí seo a leanas a bhaineann leis an g*Caidreamh Idirnáisiúnta sa 20ú hAois:*

*Srianadh;* *CBT (CAP i mBéarla);* *Díchoilíniú.*

………………………………………………………………………………………………

………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………………………………….. (2)

(xx) Cé a ceapadh mar an chéad Rúnaí Stáit do Thuaisceart Éireann i 1969?

…………………………………………………………………………………………….. (2)

**FREAGAIR NA CEISTEANNA SEO A LEANAS, 4, 5 AGUS 6, I bhFREAGARLEABHAR AR LEITH**

## 4. PEARSANA SA STAIR
(40 marc)

**Freagair A agus B**

**A.** Roghnaigh duine **amháin** díobh sin atá luaite thíos. Scríobh mar gheall ar an duine sin.

(i) Duine a raibh cónaí air/uirthi sa tSean-Éirinn réamh-Chríostaí. (20)

(ii) An tiarna **nó** an bhantiarna i gcaisleán meánaoiseach. (20)

(iii) Leasaitheoir reiligiúnach, a **ainmníonn** tú, ag am an Reifirméisin. (20)

**B.** Roghnaigh duine **amháin** díobh sin atá luaite thíos. Scríobh mar gheall ar an duine sin.

(i) Coilíneach a fuair talamh i bplandáil, a **ainmníonn** tú, in Éirinn sa 16ú nó 17ú haois. (20)

(ii) Saighdiúir Gearmánach a ghlac páirt in Oibríocht Barbarossa (ionradh na Rúise, Meitheamh 1941).

**NÓ**

Saighdiúir Briotanach **nó** Meiriceánach a ghlac páirt in *D-Day* (na Comhghuaillithe a dhul i dtír sa Fhrainc, Meitheamh 1944). (20)

(iii) Ceannaire polaitiúil a **ainmníonn** tú i bPoblacht na hÉireann sa tréimhse 1960-1985. (20)

**5. GLUAISEACHTAÍ RÉABHLÓIDEACHA** (30 marc)

**FOINSE D**


*Bású Louis XVI, Rí na Fraince (London Times, 25 Eanáir, 1793)*

Timpeall leathuair tar éis a naoi, tháinig an rí go dtí áit an bhásaithe. Chuaigh Louis in airde go ciúin ar urlár na croiche, na trumpaí á séideadh agus na drumaí á mbualadh an t-am ar fad. Rinne sé comhartha gur theastaigh uaidh labhairt leis an slua, stop na drumaí agus labhair Louis an cúpla focal seo. *Go neamhchiontach a fhaighim bás; tugaim pardún do mo naimhde.* Rug a chéastúnaigh ansin air agus, taobh istigh de chúpla soicind, scaradh a cheann óna cholainn.

Ó cuireadh an rí chun báis, tá ruaille buaille ginearálta i réim ar fud Pháras; an t-aon dream a bhfuil áthas orthu ná na Sans Culottes. Ní fhéadfadh na saoránaigh mhacánta, atá sábháilte ina dtithe, a mbrón ó chroí a cheilt agus chaoin siad go príobháideach lena dteaghlaigh dúnmharú an rí a raibh an-ghrá acu dó.

Dhúnmharaigh tíoránaigh phoblachtacha na Fraince a rí, gan fiú scáil an cheartais a bheith acu agus, gan amhras, ní féidir leo a bheith ag súil le cairdeas a bheith acu le cuid ar bith den domhan sibhialta. Titfidh díoltas na hEorpa go tapa orthu anois.

**FOINSE E**



Wolfe Tone agus iarracht na bhFrancach chun teacht i dtír i mBá Bheanntraí, Nollaig 1796.
**www.napoleon-series.org**

**FOINSE F**

*Sliocht as óráid ag Wolfe Tone, 1798*

Ó bhí mé i dtús m'óige, is é an dearcadh atá agam maidir leis an gceangal idir Éire agus an Bhreatain Mhór ná gur mallacht don náisiún Éireannach é; bhí mé cinnte dearfa, fad a leanfadh sé, nach mbeadh an tír seo saor ná sona riamh. Shocraigh mé go ndéanfainn gach rud a bhí ar mo chumas féin go pearsanta chun an dá thír a scaradh ó chéile. Bhí a fhios agam nach raibh Éire, léi féin, in ann an chuing a bhriseadh. Dá bhrí sin, lorg mé cúnamh pé áit a mbeadh sé ar fáil. Faoi choimirce bhrat Phoblacht na Fraince, bhí mé ag iarraidh mo thír féin a shábháil agus a shaoradh.

**A.** **Foinse D**

(i) *'Chuaigh an rí go cróga chun a bháis'*
Tabhair píosa **amháin** fianaise as an alt sa nuachtán chun tacú leis an tuairim seo. (2)

(ii) De réir an ailt, cérbh iad an t-aon dream a raibh áthas orthu tar éis bhású an rí? (2)

(iii) An raibh an scríbhneoir ag tacú le bású an rí **nó** an raibh sé ina choinne?
Tabhair píosa **amháin** fianaise as an bhfoinse chun do fhreagra a mhíniú. (5)

**B.** **Foinse E agus Foinse F**

(i) Cén fáth ar theip ar an loingeas a chuir na Francaigh i 1796, agus a thaispeántar i bhFoinse E, a theacht i dtír? (2)

(ii) I bhfoinse F, cad a cheapann Wolfe Tone a bheith ina 'mallacht don náisiún Éireannach'? (3)

(iii) Tabhair **dhá** chúis ar iarr Wolfe Tone cabhair mhíleata ar na Francaigh. (4)

**C.** Scríobh cuntas ar cheann **amháin** de na hábhair seo a leanas:

(i) Na cúiseanna a bhí le Cogadh Saoirse Mheiriceá.

(ii) Ré an Uafáis sa Fhrainc, Meán Fómhair 1793 go Mí Iúil 1794.

(iii) Na cúiseanna ar theip ar Éirí Amach 1798 in Éirinn. (12)

**6.** Freagair **dhá** cheann de na ceisteanna seo a leanas, **A, B, C, D.** (60 marc)

## (A) ÓN bhFEIRM GO DTÍ AN MHONARCHA: Athrú Sóisialta sa Bhreatain san 18ú agus sa 19ú haois.

(i) Luaigh **dhá** bhuntáiste leis an Imfhálú nua talún i rith Réabhlóid na Talmhaíochta. (4)

(ii) **Forbairtí agus aireagáin nua:**
Meaitseáil gach mír i gcolún A, (1) - (6), leis an mír a fhreagraíonn dó i gcolún B, (a) - (f).
Ní gá duit an téacs iomlán a scríobh amach i do fhreagarleabhar. Is leor an uimhir agus an litir cheart.

| **Colún A** | **Colún B** |
|---|---|
| 1. Charles Townshend. | (a) Sinéidín. |
| 2. Robert Bakewell. | (b) Cóc chun amhiarann a bhruithniú. |
| 3. James Hargreaves. | (c) Pórú roghnach. |
| 4 .John Kay. | (d) Feabhsúcháin ar an inneall gaile. |
| 5. James Watt. | (e) Uainíocht barraí Norfolk. |
| 6. Abraham Darby. | (f) 'Eitspól fíodóra.' |

(1 × 6)

(iii) Scríobh cuntas ar **dhá** cheann díobh seo a leanas:

(a) Cúiseanna ar thosaigh an Réabhlóid Thionsclaíoch sa Bhreatain.
(b) Dálaí maireachtála d'oibrithe i mbailte tionsclaíocha.
(c) Feabhsúcháin i gcúrsaí iompair i rith na Réabhlóide Thionsclaí. (10 × 2)

## (B) ATHRÚ SÓISIALTA IN ÉIRINN NA FICHIÚ hAOISE

(i) Mínigh conas a bheadh **trí** cinn de na foinsí seo a leanas úsáideach agus staidéar á dhéanamh ar athrú sóisialta in Éirinn:

*Cáipéisí Eaglaise; Leabhair rollaí scoile; Tuairiscí daonáirimh; Dialanna.*

(2 × 3)

(ii) Ainmnigh **trí** athrú i dtithíocht uirbeach in Éirinn ó na 1920-idí anall. (2 × 3)

(iii) Ainmnigh **trí** athrú in oideachas ó 1960. (2 × 3)

(iv) Scríobh faoin tionchar ar shaol na hÉireann a bhí ag na hathruithe i gcúrsaí cumarsáide ó 1960. (12)

## (C) FORBAIRTÍ POLAITIÚLA IN ÉIRINN NA FICHIÚ hAOISE

(i) **Géarchéim an Rialtais Dúchais, 1912-1914.**
I do fhreagarleabhar, líon isteach na focail atá in easnamh sna habairtí seo a leanas, (1) - (6).
Ba chóir duit an uimhir chruinn a chur ar na focail ach ní gá duit na habairtí a athscríobh.
**Ná freagair an cheist seo i do scrúdpháipéar.**

(1) Bhí Seán R……….. ina cheannaire ar Pháirtí an Rialtais Dúchais ó 1900 go1918.
(2) Nuair a tugadh isteach an tAcht P……….. i 1911, chiallaigh sé go mbeadh an Rialtas Dúchais ina dhlí faoi 1914.
(3) Le cur in aghaidh an Rialtais Dúchais, bhunaigh na hAontachtaithe Ó……….. Uladh.
(4) Rinne Óglaigh na hÉireann airm a smuigleáil isteach sa tír i mB…….. É…….., Co. Bhaile Átha Cliath, ar 26 Iúil 1914.
(5) Bhagair oifigigh airm na Breataine go n-éireoidís as an arm dá n-ordófaí dóibh Rialtas Dúchais a chur i bhfeidhm i gCúige Uladh. Tugadh ceannairc an C………….. air seo.
(6) Chuir tús na troda sa Chéad C---- i Lúnasa 1914 cosc ar chogadh cathartha. (1 × 6)

(ii) Scríobh cuntas ar **dhá** cheann díobh seo a leanas:

(a) An Chéad Dáil, 1919.
(b) An Cogadh Cathartha, 1922-1923.
(c) An saol in Éirinn le linn na hÉigeandála, 1939-1945.
(d) Gluaiseacht Chearta Sibhialta Thuaisceart Éireann. (12 × 2)

## (D) AN CAIDREAMH IDIRNÁISIÚNTA SAN FHICHIÚ hAOIS

(i) Cén fáth ar ghnóthaigh ceannairí Faisisteacha tacaíocht san Eoraip sna 1920-idí agus 1930-idí? Tabhair **dhá** chúis. (2)

(ii) Scríobh cuntas ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

(a) Éachtaí polaitiúla Mussolini, 1922-1939.

(b) Oideachas agus smacht ar an óige sa Ghearmáin Naitsíoch.

(c) An tslí ar chaith Hitler leis na Giúdaigh, 1933-1939. (10)

(iii) Cén fáth ar theip ar Chonradh na Náisiún an tsíocháin a choimeád san Eoraip i rith na 1930-idí? Tabhair **dhá** chúis. (4)

(iv) **Roghnaigh Ábhar 1 nó 2 nó 3 thíos;**

**Ábhar 1: Fás na Sárchumhachtaí.**


(a)


(b)


(c)

Ainmnigh duine **amháin** de na ceannairí a thaispeántar thuas, (a), (b) nó (c), agus scríobh cuntas ar mhór-ghéarchéim sa Chogadh Fuar, 1945-63, a raibh baint ag an gceannaire sin leis.

**Ábhar 2: Gluaiseacht i dtreo Aontú na hEorpa.**

Ainmnigh duine tábhachtach **amháin** sa ghluaiseacht le cur le hAontú na hEorpa, 1947-72, agus scríobh cuntas ar an bpáirt a ghlac an duine sa ghluaiseacht sin.

**Ábhar 3: Náisiúnachas na hAfraice agus na hÁise.**

Ainmnigh ceannaire **amháin** a raibh baint aige le gluaiseacht na saoirse i dtír Afracach nó Áiseach, a **ainmníonn** tú, ó 1945 i leith, agus scríobh cuntas ar ról an cheannaire sa ghluaiseacht sin. (14)